## Féile Fichille Shligigh

LEADER
€5,910
Cúnamh deontais

*Suíomh:* Sligeach
*Fothéama:* Turasóireacht & Fóillíocht Tuaithe

Le tacaíocht mhaoinithe ó LEADER, ceannaíodh trealamh chun Comórtas Fichille Shligigh 2025 a óstáil, rud a chuir le turasóireacht tuaithe i Sligeach.



## Tionscadal Podchraolta Óige Lusca

LEADER
€6,278
Cúnamh deontais

*Suíomh:* Baile Átha Cliath
*Fothéama:* Óige Tuaithe




Tugadh tacaíocht LEADER don tionscadal rannpháirtíochta óige seo chun trealamh a cheannach i gcomhair podchraolta ar na meáin shóisialta.

## Midland Karting

LEADER
€112,512
Cúnamh deontais

*Suíomh:* An Longfort
*Fothéama:* Forbairt Fiontraíochta

Tugadh tacaíocht LEADER do Midland Karting chun gurbh fhéidir leo dromchla nua a chur ar an rian cairtíneachta agus oibreacha cothabhála a dhéanamh, lenar féidir leo a mbonn custaiméirí a choimeád agus a fhás.



## Samplaí de chatagóirí tionscadal/iarrthóirí

Tugtar tacaíocht do réimse leathan fiontar agus grúpaí pobail le cúnamh deontais LEADER. Seo a leanas liosta samplaí de chatagóirí tionscadal/iarrthóirí atá incháilithe i gcomhair maoinithe, go ginearálta:

- Ionaid phobail
- Tacaíocht do ghnólachtaí beaga agus meánacha
- Áiseanna spóirt/fóillíochta
- Staidéir féidearthachta
- Oiliúint
- Rochtain fheabhsaithe ar TFC
- Gairdíní pobail
- Lóistín do thurasóirí
- Táirgeadh bia
- Sráidbhailte cliste
- Fiontair shóisialta
- Geilleagair chiorclacha/ bhitheolaíocha
- Féilte
- Painéil ghréine
- Láithreacha turasóireachta
- Éagsúlú feirme
- Margaíocht
- Tionscnaimh bhithéag-súlachta
- Clubanna óige
- Clóis súgartha

## Seicliosta maoinithe LEADER do thionscnóirí

I rith phróiseas an iarratais, ní mór do thionscnóirí tionscadail:

- ✓ cloí le Rialacháin an AE, Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023-2027, agus an Straitéis Forbartha Áitiúil
- ✓ cinntiú go gcloítear leis na coinníollacha reachtúla ar fad, m.sh. rialacha soláthair, rialacháin pleanála áitiúla, srl.
- ✓ an GÁG a chur ar an eolas faoi athruithe ar bith nach raibh coinne leo leis an tionscadal a faomhadh
- ✓ cloí le riachtanais faisnéise agus phoiblíochta do thionsca-dail arna maoiniú faoi LEADER
- ✓ an cháipéisíocht riachtanach go léir a choinneáil agus a chur ar fáil ar mhaithe le cigireacht agus/nó iniúchadh
- ✓ feidhmiú mar a maoiníodh iad ar feadh cúig bliana ón dáta ar ar íocadh an íocaíocht deontais LEADER deireanach
- ✓ fanacht i dteagmháil leis an oifigeach forbartha tionscadail de chuid LEADER

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Arna chomhchistiú ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Co-funded by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future
Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# 2023 - 2027 Clár LEADER

## Samplaí de Thionscadail



## Téamaí agus fothéamaí LEADER

Leis na cás-staidéir agus samplaí atá liostaithe sa bhileog, léirítear tacaíocht chlár LEADER do phobail tuaithe faoi na téamaí agus fothéamaí a leanas:

**Téama 1 - Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Fostaíochta**

- An Geilleagar Glas
- Iléagsúlú na Talmhaíochta
- Turasóireacht & Áineas faoin Tuath
- Forbairt Fiontraíochta
- Táirgeadh Bia faoin Tuath
- Fiontair Shóisialta, Pobail & Comharchumainn

**Téama 2 - Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta**

- Bonneagar Tuaithe
- Seirbhísí atá Inrochtana
- Barrfheabhas maidir le Cónascacht Dhigiteach
- Óige na Tuaithe

**Téama 3 - Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe & Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide**

- Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe
- Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide
- Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide

## Conas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú LEADER

Ba cheart d'iarrthóirí ionchasacha teagmháil a dhéanamh lena nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) trína gComhpháirtí Forfheidhmiúcháin (más infheidhme) chun léiriú spéise a chlárú agus plé a dhéanamh faoi incháilitheacht togra tionscadail agus faoin mhaoiniú a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

Is féidir teacht ar gach faisnéis a bhaineann le LEADER, sonraí teagmhála GÁG san áireamh, ar líne:

**www.gov.ie/LEADER**

# LEADER

Forbairt á stiúradh ag pobail áitiúla
Development led by local communities

## Dooleys Wool

*Suíomh:* Uíbh Fhailí
*Fothéama:* Maolú agus Cóiriú maidir leis an Athrú Aeráide

Tugadh maoiniú LEADER chun burlaire olla atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach, ní amháin chun astaíochtaí an chomhlachta a laghdú ach chun na burlaí olla a chumhdach agus a cheangal ar bhealach níos éifeachtúla.

LEADER
€72,910
Cúnamh deontais

LEADER
€31,482
Cúnamh deontais

## Ben's Eggs

*Suíomh: An Cabhán*
*Fothéama: Forbairt Fiontraíochta*




Déanann Ben's Eggs uibheacha úra saor-raoin a sholáthar go díreach chuig tomhaltóirí trí mheaisíní díola. Baineadh úsáid as maoiniú LEADER chun ceithre mheaisín díola uibheacha, in éineacht le meaisín priontála uibheacha amháin, a cheannach don ghnólacht nuathionscanta seo.

## Old Carrick Mill

*Suíomh:* Muineachán
*Fothéama:* Táirgeadh Bia faoin Tuath

Tugadh maoiniú LEADER chun tacú le haonad líonta nua a cheannach, chun borradh a chur faoin aschur agus chun costais reatha na drioglainne a laghdú.

LEADER
€37,125
Cúnamh deontais

## Oiliúint um Prionsabail Deartha Gairdíní don Bhithéagsúlacht

LEADER
€14,822
Cúnamh deontais

*Suíomh:* Lú
*Fothéama:* Cothú Acmhainne maidir leis an Athrú Aeráide

This Sa chúrsa seo, bhí cur chuige struchtúrtha i leith prionsabail deartha gairdíní a mhúineadh, lenar cuireadh an bhithéagsúlacht chun cinn i measc na rannpháirtithe ar thrí thráthnóna i dtrí shuíomh i gCo. Lú. Bhí meascán de léachtaí, gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus plé grúpa in gach seisiún, lena chinntiú go bhfuair na rannpháirtithe eolas agus scileanna praiticiúla.

## Cumhacht In-athnuaite do Chumann Forbartha Pobail na nUillí

LEADER
€14,386
Cúnamh deontais

*Suíomh:* Dún na nGall
*Fothéama:* Sustainable Forbairt Inbhuanaithe Thimpeallacht na Tuaithe

Rinneadh painéil ghréine a shuiteáil ar dhíon ionaid pobail, rud atá ag teacht le cuspóirí mhaoiniú LEADER i nDún na nGall chun tacú le huasghrádú agus forbairt bonneagair tuaithe, mar bhonn taca le hinbhuanaitheacht chomhshaoil.

